

# DÁIL ÉIREANN

---

## JOINT COMMITTEE ON THE IRISH LANGUAGE, THE GAELTACHT AND THE IRISH-SPEAKING COMMUNITY

## COMHCHOISTE NA GAEILGE, NA GAELTACHTA AGUS PHOBAL LABHAR- THA NA GAEILGE

---

*Dé Céadaoin, 07 Iúil 2021*

*Wednesday, 07 July 2021*

---

Tháinig an Comhchoiste le chéile ag 12.30 p.m.

The Joint Committee met at 12.30 p.m.

---

Comhaltaí a bhí i láthair / Members present:

Teachtaí Dála / Deputies	Seanadóirí / Senators
Dara Calleary,	Lorraine Clifford-Lee.
Pa Daly,	
Aindrias Moynihan.	

I láthair / In attendance: Deputy Éamon Ó Cuív.

Teachta / Deputy Aengus Ó Snodaigh sa Chathaoir / in the Chair.

## Gnó an Chomhchoiste

**Chairman:** Tá leithscéal faighte againn ó chomhalta amháin, an Teachta Ó Cathasaigh. Iarraim ar na comhaltaí suí sna suíocháin ina bhfuil siad faoi láthair. Cuirim i gcuimhne dóibh an dualgas atá orthu maidir leis an achar sóisialta 2 m a choimeád le linn an chruinnithe seo.

### Curaclam Nua na hArdteistiméireachta (Atógáil): Plé

**Chairman:** Leanfaimid lenár mbreithniú ar an gcuraclam nua na hardteistiméireachta, T1 agus T2. Dá réir, cuirim fáilte roimh Arlene Forster, príomhfheidhmeannach, Barry Slattery, leas-phríomhfheidhmeannach, agus Dónal Ó Buachalla, oifigeach oideachais, ón Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Chomh maith, cuirim fáilte roimh Sorcha Ní Chéilleachair, ceannasaí, agus Roibeard Ó hEartáin, oifigeach forbartha, atá anseo thar cheann Tuismitheoirí na Gaeltachta. Gabhaim buíochas leo as teacht anseo inniu chun cúnamh a thabhairt dúinn leis an bplé agus an breathnú atá á dhéanamh againn ar an ábhar seo.

Ba mhaith liom a chur ar an taifead go bhfuil na finnétithe lonnaithe i Seomra na Dála le linn an chruinnithe seo. Cuirim ar aird na bhfinnétithe go bhfuil siad, de bhua alt 17(2)(1) den Acht um Chlúmhilleadh, 2009, faoi chosaint lánphribhléid maidir leis an bhfianaise a thugann siad don choiste seo chomh fada is atá siad lonnaithe sa seomra coiste féin. Má ordaíonn an comhchoiste dóibh, ámh, éirí as an bhfianaise a thabhairt i leith ní áirithe agus má leanann siad dá thabhairt, níl siad i dteideal dá éis sin ach pribhléid cáilithe i leith na fianaise acu. Ordaítear dóibh nach dtabharfar ach fianaise a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí seo agus fiafraítear dóibh cleachtadh parlaiminte a urramú nár chóir, más féidir, daoine nó eintiteas a cháineadh ná líomhaintí a dhéanamh ina n-aghaidh, ina ainm, ina hainm nó ina n-ainm ar shlí a bhféadfaí iad a aithint. Ba mhaith liom iad a chur ar an eolas go ndéanfar na ráitis tionscnaimh a chuir siad faoi bhráid an chomhchoiste a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an chomhchoiste tar éis an chruinnithe seo.

Meabhraítear do chomhaltaí an cleachtadh parlaiminte atá ann le fada nár chóir dóibh tuairimí a thabhairt maidir le duine atá taobh amuigh de na Tithe nó le hoifigeach ina ainm nó ina hainm ar shlí a bhféadfaí iad a aithint. Iarraim anois ar an bpríomhfheidhmeannach na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta labhairt linn.

**Ms Arlene Forster:** Thar cheann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le baill an chomhchoiste as an deis seo chun labhairt libh inniu ar dhréachtsonraíochtaí Ghaeilge na hardteistiméireachta, T1 agus T2, atá foilsithe do chomhairliúchán. Is mise Arlene Forster, príomhfheidhmeannach an CNCM agus in éineacht liom inniu, tá beirt de mo chomhghleacaithe - Barry Slattery, leas-phríomhfheidhmeannach; agus Dónal Ó Buachalla, oifigeach oideachais do Ghaeilge na hiar-bhunscoile.

Is é sainchúram na comhairle, mar atá leagtha amach san Acht Oideachais, 1998, comhairle a thabhairt don Aire Oideachais ar ábhair a bhaineann leis an gcuraclam don oideachas luathóige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, leis na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna, agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam. Is struchtúr ionadaíoch í an chomhairle agus ceapann an tAire Oideachais í. Tá 25 comhalta ar an gcomhairle a dhéanann ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara an oideachais, earnáil na Gaeilge san

áireamh. Faigheann an chomhairle tacaíocht ina cuid oibre ó thrí bhord agus ó roinnt meithleacha forbartha. Tá foireann feidhmiúcháin lánaimseartha ag an CNCM faoi stiúir an phríomhfheidhmeannaigh.

Tá forbairtí suntasacha tarlaithe maidir le soláthar curaclaim Gaeilge d'fhoghlaimoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna le deich mbliana anuas. Le blianta fada, tá curaclam idirdhealaithe ar fáil sna bunscoileanna. In 2019, tugadh isteach curaclam nua comhtháite - curaclam teanga na bunscoile - chun tacú le páistí lena bhfoghlaim teanga ó na naíonáin shóisearacha go rang a sé.

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, le roinnt mhaith de bhlianta anuas tá a leithéid de sholáthar curaclaim, soláthar idirdhealaithe, á éileamh. In 2017, cuireadh sonraíochtaí curaclaim idirdhealaithe, T1 agus T2, do Ghaeilge na sraithe sóisearaí i bhfeidhm i scoileanna tar éis tréimhse dianoire ó 2012. Rinneadh na sonraíochtaí seo a fhorbairt mar fhreagairt ar fhianaise chomhairliúcháin ar dhréachtsonraíocht amháin do Ghaeilge na sraithe sóisearaí in 2015. Léirigh an comhairliúchán sin go raibh gá le sonraíochtaí ar leith do scoláirí i scoileanna T1 agus i scoileanna T2. Bhí inní mhór ar pháirtithe leasmhara ag an am faoin bhfreastal a d'fhéadfadh sonraíocht curaclaim amháin a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimoirí uile, agus léiríodh inní faoi leith faoi sholáthar eispéireas foghlama a bheadh sách dúshlánach dóibh siúd i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

Go hachomair, trí thógáil ar mhúnla an tsoláthair curaclaim don Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile agus na sraithe sóisearaí, cruthaítear deis chun eispéireas foghlama leanúnach a chinntiú do scoláirí ar mhaithe lena bhforbairt teanga agus a ndul chun cinn oideachasúil i gcoitinne.

A bhuí le struchtúr ionadaíoch na comhairle, a boird agus a meithleacha forbartha, tá fáil ar thaithí agus ar shaineolas suntasach chun tacú le hobair an CNCM. Mar aon leis seo, tacaíonn an fócas láidir ar thaighde, ar obair le scoileanna agus ar chomhairliúchán poiblí le forbairt curaclaim agus measúnachta atá nuálach ar mhaithe leis an rannpháirtíocht, dul chun cinn, cáilíocht, cuimsitheacht agus le leanúnachas idir na hearnálacha ar fad. Ag tógáil air seo, ba mhaith liom aird a tharraingt ar an bpróiseas trínar forbraíodh dréachtsonraíochtaí Ghaeilge na hardteistiméireachta. Tionóladh an mheitheal forbartha i mí na Nollag 2018. Tá raon de pháirtithe leasmhara ar an meitheal a bhfuil saineolas agus saintaithí acu trasna earnálacha T1 agus T2. I measc na mball, tá ionadaithe ainmnithe ón dá cheardchumann múinteoirí, na forais bhainistíochta iar-bhunscoile, Foras na Gaeilge, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, COGG, An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge, Tuismitheoirí na Gaeltachta, agus an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí Iar-Bhunoideachais. Chomh maith leis sin tá ionadaithe ón Roinn Oideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, agus Cumann Ollscoileanna na hÉireann. Ina theannta sin, comhthoghadh beirt bhall le saineolas sa bhreis ar chomhthéacsanna T1 agus T2. Thug doiciméad treorach a tharraing ar na forbairtí agus ar an obair a rinneadh ar shonraíochtaí T1 agus T2 don Ghaeilge sa tsraith shóisearach treoir d'obair na meithle forbartha.

Cuireadh tuarascálacha taighde a choimisiúnaigh an CNCM ar fáil don mheitheal freisin. Sna tuarascálacha seo, breathnaíodh ar an tionchar a bhí ag na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm in 2010 ar shiollabas Gaeilge na hardteistiméireachta ar ghnóthachtáil scoláirí sa Ghaeilge. Tar éis dhá bhliain d'obair d'fhaomhaigh an CNCM na dréachtsonraíochtaí i mí na Samhna 2020 le haghaidh comhairliúcháin phoiblí.

Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán poiblí i mí Feabhra 2021. Agus an próiseas comhairliúcháin á phleanáil, bhí an CNCM aireach ar na cúinsí dúshlánacha ag múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus scoileanna. D'fhonn rannpháirtíocht leathan a éascú tá leas á mbaint as raon

de mhodhanna comhairliúcháin chun eispéiris, dearcthaí agus moltaí rannpháirtithe an chomhairliúcháin ar na dréachtsonraíochtaí a thaifeadadh. Ina theannta sin, cinneadh ar fhráma ama tosaigh suntasach de sé mhí a chur ar fáil don phróiseas. Bhí an CNCM an-aireach ar thionchar na paindéime agus, dá bharr, táthar ag coinneáil súil ghéar ar an gcomhairliúchán ón tús.

Tríd an bpróiseas comhairliúcháin, tá ábhair inní, riachtanais agus saincheisteanna na bpáirtithe leasmhara ag teacht chun solais. Cé go bhfuil go leor ag teacht chun cinn maidir le hábhar na ndr éachtsonraíochtaí iad féin, tá ceisteanna níos leithne chun tosaigh sa dioscúrsa go dtí seo. Baineann na hábhair inní seo go príomha le huainiú an chomhairliúcháin agus le ceisteanna sistéamacha. Maidir le huainiú an chomhairliúcháin, tá iarratais éagsúla faighte ag an CNCM ag lorg go gcuirfí síneadh ama leis an gcomhairliúchán agus iarratais eile ag lorg go ndéanfaí é a chur siar. Dhírigh an t-aiseolas freisin ar shaincheisteanna forfheidhmithe agus sistéamacha a bhaineann le soláthar idirdhealaithe a thabhairt isteach. Cé nach bhfuil an CNCM freagrach as cinntí maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim, tá an chomhairle an-airdeallach ar an ngéarghá a bhaineann le soiléireacht a thabhairt ar cheisteanna bainteach le rogha agus le cúrsaí tacaíochtaí maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí seo, mar aon leis na ceisteanna sistéamacha, ina measc bearta a spreagfaidh scoláirí gabháil do shonraíocht T1. Dá réir, bhí an comhairliúchán seo ina ábhar plé ag gach cruinniú de chuid na comhairle ó thús an chomhairliúcháin.

Agus aird á tabhairt ar aiseolas agus iarratais na bpáirtithe leasmhara go dáta, ar an bplé ag bord na sraithe sinsearaí, agus ar an gcomhthéacs ina raibh scoileanna ag obair, chinn an chomhairle síneadh ama a chur leis an gcomhairliúchán reatha go deireadh mhí na Samhna 2021. Baineann an síneadh ama seo le gach gníomhaíocht comhairliúcháin. Anuas air sin, leag an chomhairle béim ar an tábhacht a bhain le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm luath T1 agus T2 do Ghaeilge na sraithe sóisearaí sa scoilbhliain nua. Tacóidh na cinntí seo leis an CNCM deiseanna breise a chur ar fáil do mhúinteoirí, do scoláirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine eile nach iad páirt a ghlacadh sa phlé tábhachtach seo. Tabharfaidh seo deis freisin tuilleadh a fhoghlaim ó thaithí na scoileanna atá ag obair leis na curaclaim idirdhealaithe sa tsraith shóisearach.

Ag deireadh an chomhairliúcháin, déanfaidh an CNCM anailís ar an aiseolas uile a bhaileofar agus cuirfear na torthaí i láthair i dtuarascáil chomhairliúcháin eatramhach a fhoilseofar ar shuíomh an CNCM go luath in 2022. Ina theannta sin, foilseofar tuarascáil ar an athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath-Ghaeilge na sraithe sóisearaí T1 agus T2. Cuirfidh an dá thuarascáil seo bonn eolais ar fáil a thacóidh chun na chéad chéimeanna eile san obair thábhachtach seo a phleanáil. Tá an comhairliúchán ar bun i gcónaí agus spreagtar páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne páirt a ghlacadh sa phróiseas.

Tá tuilleadh eolais ar fáil sa nóta faisnéise. Ba mhaith liom a chur in iúl nárbh fhéidir le comhghleacaithe linn a stiúrann obair an CNCM ar Ghaeilge na hardteistiméireachta taisteal go Baile Átha Cliath do chruinniú an lae inniu agus, ar an drochuair, níorbh fhéidir ceangal físe a chur ar fáil. Táim féin agus mo chomhghleacaithe sásta aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag comhaltaí a fhreagairt agus, má tharlaíonn nach féidir linn ceist aonair a fhreagairt, beimid sásta cibé faisnéisiú breise is gá a shocrú chun dul i ngleic le haon ábhair a bhíonn fós le réiteach. Gabhaim míle buíochas leis an gcoiste.

**Chairman:** Gabhaim buíochas leis an bhfinné. Is é sin ráiteas tionscnaimh an CNCM. Mar a dúirt mé cheana féin, beidh an ráiteas sin agus aon rud eile a deirtear anseo ar an suíomh Idirlín níos déanaí inniu. Anois iarraim ar Shorcha Ní Chéilleachair, ceannasaí Thuismitheoirí na Gaeltachta, labhairt linn agus lorgóimid ceisteanna ansin.

**Ms Sorcha Ní Chéilleachair:** Mar a dúirt an Cathaoirleach, táim i mo ceannasaí ar Thuismitheoirí na Gaeltachta. In éineacht liom inniu tá Roibeard Ó hEartáin, oifigeach forbartha Chúige Mumhan Thuismitheoirí na Gaeltachta.

Ar dtús, ar mhaithe le mo chuid cainte a chur i bhur láthair i gceart, ba mhaith liom soiléiriú a thabhairt ar ról Thuismitheoirí na Gaeltachta. Is í an Ghaeltacht an dualgas atá ar Thuismitheoirí na Gaeltachta agus is ar an nGaeltacht amháin a bheidh mé ag labhairt inniu. Ní shin le rá nach mbaineann an t-ábhar seo le scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht mar go mbaineann sé le gach aon scoil sa tír, ach beimid ag díriú ar an nGaeltacht amháin, mar is é sin an dualgas atá orainn. Go deimhin is maith linn go bhfuil an deis seo againn mar go bhfágтар an Ghaeltacht ar lár go rímhinic i gcomhráite mar seo.

Os cionn 105 bliain ó shin sheas Pádraig Mac Piarais os comhair Ard Oifig an Phoist agus léigh sé Forógra na Poblachta. Éilíodh na cearta céanna don uile shaoránach sa bhForógra sin agus éilíodh go léireofaí an gean céanna do chlann uile an náisiúin. Seo fear a raibh baint nach beag aige leis an nGaeltacht ar ndóigh, a mhol an cainteoir óg dúchais agus a thug an “murder machine” ar an gcóras oideachais sa tír seo. Is díol suntais é mar sin, nár aithníodh go hoifigiúil an cainteoir dúchais Gaeilge sa chóras oideachais sa tír seo go dtí 2016, 100 bliain ghlan ina dhiaidh sin. An comhionannas é sin? An buntáiste é sin mar a mhaíodh sa Tí seo os comhair an chomhchoiste seo roinnt seachtainí ó shin?

An raibh nó an bhfuil fós an gean céanna á léiriú againn ar chlann uile an náisiúin?

Táimid anseo inniu leis na sonraíochtaí nua nó na cúrsaí nua don tsraith shinsearach a phlé agus an próiseas comhairliúcháin atá ar bun ina leith. Is cúis díomá do Thuismitheoirí na Gaeltachta chomh diúltach agus chomh cúng is atá an plé seo faoi láthair. Tá próiseas comhairliúcháin ar bun faoi shonraíochtaí gan aon chaint ar na sonraíochtaí féin agus gan aon chaint ar an bhfealsúnacht a bhaineann leis an gcur chuige seo ach oiread, rud atá ag cur an-inní ar Thuismitheoirí na Gaeltachta.

Ar ndóigh ní haon ionadh é seo ar shlí mar go bhfuil an plé ar bun i bhfolús. Ní féidir na cúrsaí nua seo a phlé gan iad a chur i gcomhthéacs an chórais ina mbeidh siad á gcur i bhfeidhm. Tá sé chomh maith dúinn bheith ionraic linn féin, gan a bheith ag cur i gcéill, agus glacadh leis gurb iad na pointí ardteistiméireachta bun agus barr an chórais oideachais, córas na hardteistiméireachta pé scéal é, sa tír seo. Ní hé an duine óg, an teanga, nó an an scoil, ní hiad na múinteoirí, na tuismitheoirí, an pobal, ceantar na scoile nó fiú an t-oideachas féin é, ach is iad na pointí ardteistiméireachta bun agus barr an chórais oideachais. Caithfidh na cúrsaí nua a phlé sa comhthéacs sin dá réir ach, dar ndóigh, ní féidir. Níl an t-eolas againn. Cuireadh na ceistanna ach ní bhfuairamar na freagraí. Is leithscéalta a tugadh agus cuireadh ó dhoras sinn. Ní féidir aon phlé ceart ná dul chun cinn a dhéanamh gan an t-eolas seo a bheith againn. Idir an dá linn tá an t-am ag meilt agus an spriocdháta don gcomhairliúchán ag teannadh linn, fiú agus dhá mhí breise curtha leis.

Níl a fhios againn an mbeidh pointí bónais ar fáil má tá dhá chúrsa éagsúla le cur i bhfeidhm agus tá daoine trína chéile faoi seo. Tá athrú treo iomlán, ó thaobh na hardteistiméireachta de pé scéal é, á mholadh. Is eisceacht é seo sa chóras oideachais go gcuirfí dhá chúrsa éagsúla ar fáil san aon ábhar amháin ach níl aon eisceacht déanta ó thaobh an eolais atá á chur ar fáil. Níl liostaí téacsanna litríochta tugtha, mar shampla, ná samplaí de pháipéir scrúdaithe, rud a thabharfadh léargas agus tuiscint níos fearr dúinn ar na cúrsaí nua seo agus tá daoine trína chéile faoi seo.

Níl aon athbhreithniú déanta ar an nGaeilge sa tsraith shóisearach nó faoi mar atá ag éirí leis an T1 agus T2 sa chóras seo agus tá daoine trína chéile faoi seo freisin. Níl aon chaint faoi na tacaíochtaí a bheidh ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna leis an gcóras nua seo a chur i bhfeidhm. An mbeimid fágtha ar an bhfaraor géar, mar atá tarlaithe cheana? Níl mórán muiníne á léiriú go mbeidh réimse ceart tacaíochta ar fáil in am - tá daoine trína chéile faoi seo. Níl fhios againn conas a chuirfear é seo i bhfeidhm go praiticiúil sna scoileanna Gaeltachta. An mbeidh sé éigeantach nó roghnach? Tá daoine trína chéile faoi seo. Níl aon deis ann slite eile a mholadh leis na haidhmeanna céanna a bhaint amach. Céard faoi ábhar nó leath ábhar eile bunaithe ar shaíocht na teanga, mar shampla, comhréiteach atá á lua go láidir sna pobail Ghaeltachta agus moladh atá ann le fada. Deirim arís go bhfuil daoine trína chéile faoi seo.

Thar aon rud eile, tá daoine trína chéile faoin easpa tuisceana agus a laghad béime ar an bhfealsúnacht a bhaineann leis seo. Ba cheart deis a thabhairt do dhaoine óga a dteanga féin a thabhairt chun saibhris ionas go dtiocfaidís in inmhe mar chainteoirí cumasacha, muiníneacha - nó, i bhfocail eile, go léireofaí meas agus tuiscint agus go dtabharfaí tacaíocht chuí do chainteoirí dúchais agus líofa Gaeilge sa chóras oideachais. Nó an é go mbeimid ag filleadh ar an “murder machine” a bhí faoi thrácht ag Pádraig Mac Piarais? An bhfuilimid ag loic nó ag teip arís eile ar na cainteoirí dúchais agus ar an nGaeltacht? An bhfuiltear ag iarraidh folús eolais a chruthú go dtí go n-ídeofar fuinneamh na múinteoirí agus go mbrisfear spiorad na dtuismitheoirí ar mian leo go mbeadh a gcuid leanaí ina gcainteoirí cumasacha agus muiníneacha ina dteanga féin?

Tá íobairt agus iarrachtaí móra déanta ag na tuismitheoirí seo le Gaeilge a thabhairt dá gclann agus a gcróithe cráite ag córas easnamhach atá ag sú na teanga astu. Mura spreagfar daoine óga – mná agus fir óga ábalta na Gaeltachta – teacht in inmhe mar chainteoirí cumasacha agus muiníneacha, cad atá i ndán don Ghaeltacht? Is cinnte nach mbeidh aon mhaith le séanadh na géarchéime an uair sin. Mura mbeadh ann ach go bhfaigheadh an Rialtas luach ar a chuid airgid ón infheistíocht atá á dhéanamh aige sa phróiseas pleanála teanga, a bhfuil na milliún á gcaitheamh air.

Ba dhóigh le duine gurb é an sprioc atá leis seo ar fad nach mbeadh fágtha ach corrtheaghlach fánach anseo is ansiúd ag caint i dteanga rúnda nach dtuigeann aon duine ach iad féin. Seo mar a thugtar faoi theanga a dhíothú agus faoi chine a dhíothú. Scéal fada é seo mar atá ach má théann sé mórán níos faide cruthóidh sé scoilt sa phobal Gaeltachta, mura bhfuil sé cruthaithe cheana féin. An é seo a theastaíonn ón Roinn Oideachais? An chun leasa na teanga é muintir na Gaeltachta a chur in aghaidh a chéile?

Cá bhfuil an cheannasaíocht? Cén chúis nach bhfuiltear tagtha roimhe seo agus gur gá d’ionadaí ó eagraíocht pobail agus teanga é seo a chur in iúl mar seo inniu? An é gur iarracht atá ann an córas seo a shleamhnú isteach, córas a bheidh i bhfeidhm go ceann tamall fada de bhlianta eile i scoileanna sa Ghaeltacht agus córas nach féidir aon bhreithiúnas ceart a dhéanamh air faoi láthair? An iad an Roinn Oideachais nó an CNCM a chneasóidh an chréacht agus an scoilt seo sa Ghaeltacht má théann an scéal seo níos faide? Ní hiad. Fágfar faoi mhuintir na Gaeltachta, faoi na scoileanna agus faoi na heagraíochtaí pobail agus teanga é. Ní féidir an t-ualach seo a leagan orainne. Seo ualach don Roinn Oideachais agus don CNCM. Níl sé ceart ná cóir. Bheadh sé mímhóralta agus mí-ionraic.

Iarraimid dá réir go ndéanfaí machnamh ceart air seo. Cá bhfuil an dithneas? Thóg sé 100 bliain - tá sé chomh maith dúinn a rá - aitheantas a thabhairt don chainteoir dúchais sa chóras oideachais sa tír seo. Cá bhfuil an dithneas nó an deifir anois? Déanaimis é seo i gceart. Éilíonn Tuismitheoirí na Gaeltachta ar mhaithe leis an nGaeltacht agus le slánú na bpobal teanga - an méid acu atá fágtha - go gcuirfí stop iomlán leis an bpróiseas lochtach seo chun go dtiocfaidh

an chéad ghlúin eile faoi bhláth. Tá sé lochtach mar nach bhfuil an t-eolas ceart againn le haon bhreithiúnas ceart a dhéanamh ar an gcóras nua seo.

Éilíonn Tuismitheoirí na Gaeltachta chomh maith go gceapfaí idirghabhálaí nó eadránaí agus go gcuirfí córas ar bun le hiniúchadh ceart a dhéanamh ar an bhfreastal cuí teanga agus oideachais laistigh den chóras atá i bhfeidhm – córas na bpointí - do dhaoine óga sa Ghaeltacht, chun deis a thabhairt dóibh barr a gcumas féin sa teanga a bhaint amach agus nach gceilfí a gcearta teanga ná a gcearta oideachais orthu. Iarraimid go labhrófaí le muintir na Gaeltachta, scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí, daoine óga, fostóirí, eagraíochtaí Stáit, teanga agus po-bail. Mura dtabharfar faoi seo i gceart, beidh scoilt ann.

Cuirfear go leor den dul chun cinn atá déanta ó thaobh chúrsaí oideachais agus pleanála teanga de sa Ghaeltacht ó mhaith. Tá scríbhneoirí móra an Bhéarla ar bharr a ngoib ag scoláirí dara leibhéal na tíre, scoláirí na Gaeltachta ina measc, ach tá mórscríbhneoirí agus mórshaothair na Gaeilge agus a dteanga féin á séanadh agus á gceilt orthu ag córas nach bhfuil in oiriúint dóibh. Cá bhfuil an comhionannas idir an dá theanga? Cá bhfuil an buntáiste a deir siad atá ag an nGaeltacht? Níl comhionannas againn, ní áirím buntáiste. I mbriathra duine de na mórscríbhneoirí Gaeilge:

... bain ded' mheabhair

Srathar shibhialtacht an Bhéarla,

Shelley, Keats is Shakespeare:

Fill arís ar do chuid,

[...]

... dein

Síocháin led' ghiniúin féinig

Is led' thigh-se féin is ná tréig iad,

Ní dual do neach a thigh ná a threabh a thréigean.

I gceann 20 nó 30 bliain, an aithneoidh éinne údar an dáin seo nó éinne eile de mhórscríbhneoirí nó mórshaothair na Gaeilge? Go deimhin, nílimid gann orthu. An mbeidh na húdair iomráiteacha Béarla atá luaite ag an mórfhile Gaeltachta agus Gaeilge seo fós ar bharr a ngoib ag scoláirí óga na tíre? Cuimhnigh air sin mar chomhionannas agus mar bhuntáiste. Cuirfidh mé críoch leis an bpíosa cainte seo inniu leis an gceist seo, agus bímis ionraic, fírinneach, macánta á freagairt. An bhfuilimid ag iarraidh go mairfeadh an Ghaeltacht? Ná teipimis, ná loicimis agus ná clisimis ar ghlúin eile de chainteoirí dúchais, ar ár ndaoine óga breátha agus ar shlánú na Gaeltachta don chéad ghlúin eile. Gabhaim buíochas leis an gcosite.

**Chairman:** Gabhaim buíochas leis an bhfinné. Má tá ceisteanna ag aon duine de na Teachtaí nó na Seanadóirí is féidir iad a chur anois. Glaoim ar an Seanadóir Clifford-Lee.

**Senator Lorraine Clifford-Lee:** Gabhaim buíochas leis na finnétithe as an dá chur i láthair, go háirithe an cur i láthair láidir ó Shorcha Ní Chéilleachair a chuaigh i bhfeidhm go mór orm. Tá cúpla ceist agam don CNCM. An aontaíonn an comhairle go bhfuil géarghá le freagra luath ar an gceist faoi phointí bónais a bheith á gcur ar fáil don chúrsa T1? Cén fáth nach bhfuil aon tagairt déanta don Fhráma Tagartha Comónta Eorpach sa cháipéis ar na sonraíochtaí ardteisti-

méireachta, cé go bhfuil an fráma luaite sa tsraith shóisearach? An bhfeiceann an CNCM go bhfuil tábhacht le húsáid an fhráma sin san ardteistiméireacht, go háirithe ós rud é go mbeidh sé le húsáid i gcomhthéacs fostaíochta san earnáil phoiblí sa tréimhse atá amach romhainn?

**Chairman:** Cé atá ag iarraidh tús a chur leis na freagraí? Ar mhiste le Arlene Forster an cheist seo a fhreagairt, lena toil?

**Ms Arlene Forster:** Gabhaim buíochas as na ceisteanna seo. Cuirfidh mé tús leo agus ansin b'fhéidir go n-iarrfaidh mé ar mo chomhghleacaí tuilleadh eolais a sholáthair. I reiterate the role of the NCCA on the first question around the bonus points. The current consultation which is still open is based on the draft specifications. As we noted in our opening statement, we are hearing and getting feedback on the draft specifications but we are also hearing wider points and messages, for example around encouraging the take-up particularly of the T1 specification. All of that feedback is being recorded, will be analysed and will be included in the report we provide at the end of the consultation.

The decision around measures to encourage take-up of the draft specifications is a Department decision and not one of the NCCA. The Gaeltacht strategy refers to a number of measures that could be considered to encourage take-up but that is not part of our role. We do not make the decisions around that point but all of the feedback that we are hearing on this, some of which includes the call for bonus points, will form part of our report on the consultation itself.

The first point to make on the use of the Common European Framework of Reference for Languages, CEFR, is that the NCCA draws very heavily on extensive research which includes practice and policy trends internationally, as we noted in our opening statement. We would have drawn on the CEFR in very broad terms as we were developing the two draft specifications. For example, we would have drawn on it in the structure of the draft specifications. That can be seen in the strands and elements that sit in the two draft specifications. We would also have drawn broadly on it in the five key language skills.

There are a number of things that are important to bear in mind in particular in the case of the CEFR. It is a framework that is designed to support second language adult learners. Another key point is that the draft specifications for leaving certificate Irish are part of the overall leaving certificate programme which is aligned with levels 4 and 5 of the National Framework of Qualifications, NFQ. The CEFR itself was not designed to support national accreditation at the upper end of secondary education. While we drew on it in very broad terms, it was in that context.

Going back to one of my first points, the consultation is ongoing and if people have particular comments or thoughts on the CEFR and its use, that can all be fed back to us during this consultation. Like the point I was making on bonus points, we will take and report on all of that feedback and it will inform our ongoing work on the draft specifications.

I am not sure if either of my colleagues would like to add to any of that.

**Senator Lorraine Clifford-Lee:** Ba mhaith liom teacht ar ais más féidir liom. Maidir leis an bhfráma tagartha, tá sé luaite sa tsraith a bhaineann leis an teastas sóisearach agus bhí ionadh orm mar sin nach raibh aon tagairt ann sa chóras don ardteistiméireacht. An gceapann an CNCM go mbeadh sé úsáideach é sin a chur i bhfeidhm? Tá a fhios agam go bhfuil an comhairliúchán ar siúl faoi láthair ach b'fhéidir go mbeadh sé an-úsáideach é sin a chur isteach ann.

**Mr. Dónal Ó Buachalla:** Is féidir liom freagra a thabhairt ansin don Seanadóir agus gab-



haim buíochas as na ceisteanna ar an CEFR. Tá an ceart aici go bhfuil na sonraíochtaí atá ann don tsraith shóisearach ailínithe go leathan leis an bhfráma tagartha. I dtaobh sonraíochta na sraithe sinsearaí, mar a luaigh mo chomhghleacaí, Arlene Forster, tá siad siúd ailínithe go háirithe le leibhéal 4 agus 5 den National Framework of Qualifications. Ag féachaint ar na sonraíochtaí atá ann don tsraith sóisearach, tá T1 ailínithe don B2. Agus chun dul chun cinn a dhéanamh air sin, bheifeá ag tnúth le leibhéal C1 a chur i bhfeidhm ag féachaint ar an gcomhchreat nó fráma tagartha. Is leibhéal fíor-ard, i ndáiríre, é sin. Nuair a fhéachtar ar chuid de na cúrsaí sna teangacha atá ar fáil sna hollscoileanna, bheadh siad thart faoin leibhéal sin.

Chomh maith leis sin, ag féachaint ar na leibhéal atá ann don leibhéal L2 agus T2, tá siad ailínithe le A2 nó B1 agus arís chun dul chun cinn a dhéanamh bheifeá ag tnúth le B2 atá arís fíor-ard, i ndáiríre.

Tagann sé sin ar ais go dtí an pointe a luaigh Arlene Forster ansin gurb é an aidhm a bhaineann le CEFR ná go bhfuil sé dírithe ar dhaoine fásta agus go háirithe ar scoláirí atá ag tabhairt faoina dara teanga seachas faoina gcéad teanga.

**Senator Lorraine Clifford-Lee:** Tá ceist amháin eile agam. Ag dul ar ais go dtí na pointí bónais, tá a fhios agam go bhfuil an comhairliúchán ar siúl faoi láthair. Mura bhfuil pointí bónais ann, áfach, cad a bheadh ann chun daoine a mhealladh chun an cúrsa atá níos dúshlánaí a thriail?

**Mr. Barry Slattery:** I will respond here. I thank the Senator for the question. It is not surprising that bonus points have become such an important point of discussion throughout the consultation. The point to reiterate is that it is not within the remit of the council to advise on this. The council, therefore, has not had an opportunity to discuss the issue. It is not just difficult but is impossible for us to offer a council position when it has not had an opportunity to deliberate on this as yet. There are probably a range of measures that would need to be considered but bonus points is something that has entered the mix early, possibly because it was something that was offered in 2012 to encourage uptake in higher-level mathematics.

I will make a number of points on this without making any judgment on the effectiveness of the initiative. The measure was introduced with two goals in mind. One was to increase uptake and the other was to improve the mathematical competence of students. It is quite clear from the data that it has improved uptake but there has not been a formal evaluation of the initiative. There are two pieces of research that I am familiar with that have looked at the issue. There are some unintended consequences as a result of introducing the bonus points for higher-level mathematics. All of that would need to be considered carefully.

As to the Senator's initial question on whether a decision should be made quickly, we need to be very cautious about making decisions quickly in matters like this.

**Senator Lorraine Clifford-Lee:** An raibh an CNCM i gcoinne na bpointí bónais le haghaidh na matamaitice?

**Mr. Barry Slattery:** We did not have a position on it at the time and we were not asked-----

**Senator Lorraine Clifford-Lee:** An bhfuil seasamh ag an CNCM ar an ábhar sin i láthair na huaire?

**Mr. Barry Slattery:** No, we have not.

**Senator Lorraine Clifford-Lee:** Gabhaim buíochas leis an bhfinné.

**Chairman:** Ar mhaith le Tuismitheoirí na Gaeltachta aon rud a rá mar gheall ar na ceistanna sin?

**Ms Sorcha Ní Chéilleachair:** Ba cheart stop iomlán a chur leis an rud seo. Mura bhfuil plé déanta nó an t-am ag daoine plé a dhéanamh ar cheist na bpointí bónais, ba cheart an próiseas seo a chur siar. Mar a dúirt mé sa chur i láthair, ní féidir aon phlé a dhéanamh ar T1 nó ar T2 seo gan é a chur i gcomhthéacs an chórais atá i bhfeidhm faoi láthair. Mura bhfuil rudaí bunúsacha cosúil le pointí bónais ar eolas againn, go mbeidh siad nó mura mbeidh siad ann, ní féidir an rud seo a phlé agus ní féidir breithiúnas ceart a dhéanamh air.

**Chairman:** Gabhaim buíochas leis an bhfinné. Más leor na freagraí sin don Seanadóir, glaofaidh mé anois ar an Teachta Daly.

**Deputy Pa Daly:** Beidh mé an-ghairid mar tá a fhios agam go bhfuil an próiseas comhairliúcháin ar siúl faoi láthair agus is dócha go bhfuil aighneacht Shinn Féin curtha isteach cheana féin. Is as Ciarraí mé agus bhí mé ag caint le cúpla de na múinteoirí sa Ghaelcholáiste agus le tuismitheoirí agus daltaí chomh maith. Níl an Ghaeilge ag a lán daltaí sa Ghaelcholáiste ón gcliabhán. Tá an-imní orthu. Dúirt tuismitheoir amháin nár chóir obair sa bhreis a chur ar ghrúpa amháin gan aon luach saothair. Tá an-difríocht ann idir na hábhair. Dúirt sí go raibh 35% ag dul leis an mbéalscrúdú in ábhar amháin, cé go dtéann 40% leis san ardeistiméireacht mar atá sé. Tá tuairim ann gur féidir ábhar breise a bheith ann, cosúil le maths agus applied maths. Dá mbeadh caighdeán ard ag teastáil ó dhaoine, bheadh ábhar eile ann gur féidir leo a dhéanamh agus bhainfeadh bónas leis sin toisc an obair bhreise a bheadh á déanamh ag na daltaí. Tá ár n-aighneacht leis an Roinn cheana féin. Tá a lán inní ann. B'fhéidir go mbeadh enrolment i scoileanna áirithe i ndainséar má leantar ar aghaidh leis an bplean atá á phlé.

**Mr. Roibeard Ó hEartáin:** Rinne an Teachta tagairt do bheith ag caint le tuismitheoirí. Mar a tharla, bhí mé féin ag caint le scoláire ardeistiméireachta nuair a chríochnaigh sé a chuid scrúduithe. Bhíomar ag plé faoi seo, siúd agus uilig agus tháinig sé aníos go mbeinn ag freastal ar chomhairliúchán maidir le T1 agus T2. Ar an bpointe boise, chas sé chugam agus dúirt sé “Oh right, so cé mhéad pointe bónais a bheidh ar fáil do dhaoine a dhéanann T1?” Baineadh siar asam. Cheap mé nach mbeadh aon tuiscint aige ar T1 agus T2 agus nach mbeadh a fhios aige go raibh comhrá agus caint ar siúl faoi ach bhí an-eolas aige. Bhí sé ag iarraidh a fháil amach cé mhéad pointe bónais a bheadh ar fáil. Dúirt mé leis nach raibh aon chinneadh tógtha faoi sin agus dúirt sé nach bhfuil éinne chun an cúrsa níos deacra a dhéanamh muna bhfuil aon bhuntáiste leis. Is é sin an meon atá ag scoláirí i mbliain a sé. Ní thógfainn orthu é. Muna bhfuil buntáiste ann dóibh, cad ina thaobh go dtógfaidís ábhar níos deacra orthu féin?

Dá bhféadfainn ruball beag a chur leis sin, feictear domsa nach bhfuil na scoláirí Gaeltachta i lár an phróisis seo. Tá rudaí eile tagtha isteach. Ní hé nó ní hí an scoláire Gaeltachta atá i lár an aonaigh. Is é an rud atá ag tarlú le scoláirí Gaeltachta, cainteoirí dúchais, faoi láthair ná go bhfuil an Ghaeilge atá acu á tanú de réir mar a théann siad tríd an gcóras. Éiríonn sí níos tanaí agus níos laige. Cailleann siad muinín san fhocal labhartha ach amháin nuair atá siad ag caint lena gcuid cairde. Tá siad ag dul i muinín an rud atá scríofa, an rud a léann siad sna téacsleabhair. Faoin am a bhaineann siad bliain a sé amach, tá siad iompaithe do bheith ag aistriú nathanna cliste sa Bhéarla go Gaolainn le húsáid ina gcuid aistí. Táim ag caint faoi rudaí ar nós “caith isteach an tuáille” agus mar sin de. Feiceann siad rudaí mar sin scríofa in áiteanna agus tá muinín níos mó acu sa rud atá scríofa ná mar atá acu sa mhéid a chloiseann siad óna gcuid tuismitheoirí nó ón bpobal timpeall orthu.

Chun an scoláire Gaeltachta a chur i lár an aonaigh, ní mór breis ábhar léitheoireachta sa chaint dhúchasach sna canúintí éagsúla a thabhairt dóibh, idir gearrscéalta, úrscéalta agus filíocht. Ní mór an traidisiún béil a thabhairt isteach chomh maith. Táim ag caint faoi na hamhráin, na hagallaimh bheirte, an scéalaíocht agus an aithris. Cad ina thaobh nach bhfuil siad luaite in aon áit? B'fhéidir gur féidir céim eile a chur leis freisin agus go mbeadh ar scoláirí aithris a dhéanamh ar théacs saibhir ó chuid de na scríbhneoirí agus filí Gaelacha is mó ag an scrúdú béil. Ansin, bheadh tuiscint cheart againn ar conas an chanúint agus an chaint a thabhairt chun cinn. Dar ndóigh, chun é sin ar fad a dhéanamh, ní mór treoir éigin a thabhairt do scoláirí Gaeltachta, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí faoi cad is féidir leo a scríobh sa chanúint agus cad nach féidir. Níl aon treoir in aon chor faoi sin agus níl aon treoir ag na scrúdaitheoirí atá ag ceartú na páipéir scríofa atá ag scoláirí Gaeltachta faoi cad a bhfuil cead acu scríobh.

**Mr. Dónal Ó Buachalla:** Is ceist an-mhaith é atá ag teacht chun cinn faoin idirphlé atá ann. Cén fáth a bhfuilimid ag tabhairt faoi dhá shonraíocht? Is é sin an bhuncheist atá taobh thiar den phlé seo. Mar atá leagtha amach ag Arlene Forster sa ráiteas tosaigh agus mar atá le feiceáil sa nóta faisnéise a tugadh don choiste, má théimid siar go dtí 2015, ag an am sin cuireadh aon doiciméad amháin amach i gcomhair comhairliúcháin don tsraith shóisearach. Ba shonraíocht chomónta a bheadh ann a chuirfí i bhfeidhm i ngach uile scoil í. Ba léir ó na freagraí a fuair an CNCM le linn an chomhairliúcháin a reáchtáladh ag an am sin nach raibh pobal na Gaeilge ag iarraidh an mhúnla sin mar nach raibh sé ag freastal ar riachtanais teanga na gcainteoirí dúchasacha, na scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, Gaelcholáistí, aonaid lán-Ghaelacha, sruthanna agus mar sin de. Mar sin, lean an próiseas comhairliúcháin sin ar aghaidh agus cuireadh roinnt moltaí maidir le múnla soláthair ag páirtithe leasmhara ag fóraim ar leith i mí Dheireadh Fómhair 2015. Cinneadh ar an múnla T1 agus T2 mar thoradh ar an bhfóram sin. Fiú amháin ina dhiaidh sin, sular críochnaíodh na sonraíochtaí deiridh agus sular cuireadh i bhfeidhm sna scoileanna iad, lean an CNCM ar aghaidh le dianchomhairliúchán leis na múinteoirí agus le daoine eile a bhí baint acu le hearnáil na Gaeilge chun go mbeidís ag teacht leis an sórt ionchais a bhí acu d'fhoghlaim na scoláirí sna scoileanna sin.

Mar atá luaite ag Roibeard Ó hEartáin ansin, is ceart rogha a thabhairt do scoláirí tabhairt faoin litríocht atá lonnaithe ina gceantair dhúchais féin agus atá scríofa ina gcanúintí féin. Tugann an dréachtshonraíocht T1 nua seo atá curtha amach i gcomhair an chomhairliúcháin scóip agus rogha do scoláirí tabhairt faoin litríocht óna gceantair féin. Beidh an rogha sin ar fáil don scoláire. Gan amhras, déanfar an rogha seo i gcomhpháirt leis an múinteoir. Tá áit lárnach ag canúintí na scoláirí féin. Tugtar aitheantas do na mionchanúintí don chéad uair i sonraíocht Ghaeilge don ardteistiméireacht. Is ceann amháin de na difríochtaí idir sonraíocht T1 agus sonraíocht T2 é sin. Dírionn sonraíocht T1 isteach ar na mionchanúintí nuair a bhaineann sonraíocht T2 leis na mórchanúintí amháin.

Luaigh Roibeard Ó hEartáin freisin gur ceart deis a thabhairt do scoláirí aithris a dhéanamh ar na drámaí, lúbíní agus agallaimh bheirte. Nuair a dhéantar iniúchadh mar is ceart ar na torthaí foghlama atá leagtha amach sna dréachtshonraíochtaí, feictear go bhfuil go leor deiseanna ann chun a leithéid de rud a chur ar fáil. Tá sé sin le feiceáil sna torthaí foghlama a bhaineann leis an léamh i snáithe 1 faoin chumarsáid. Chomh maith leis sin, tá snáithe nua curtha le chéile againn faoin chruthaitheacht teanga. Tugann sé sin deis do scoláirí na téacsanna seo a chur i láthair i go leor bealaí éagsúla faoi mar a oireann dóibh féin. Tá an ceart ag Roibeard Ó hEartáin maidir leis an bhéim a chur ar an gcur chuige nua sin.

**Mr. Barry Slattery:** I might come in quickly with regard to applied mathematics. I understand the perception that has emerged to the effect that there may be lessons to be learned from the provision of applied maths in this context. There is practice in other jurisdictions of providing additional time for study of more advanced material. This is usually a means to resolve a tension between different areas that should be studied, to provide differentiation or to support students studying in areas which relate to future learning needs. It is probably not accurate to categorise applied maths in that way. The syllabus now in place is over 40 years old. The group of students taking the examinations next year will be the last to study this old syllabus. In the absence of an aim or rationale, it is difficult to ascertain the cohort of students it was designed to serve. It is fair to say that, over the last 40 years, it has become a popular subject among 3% of the overall cohort of students. That is a quite a small proportion but it is a steady 3%. It is typically studied by male students who are also studying physics and maths at higher level. In the consultation on the new specification being introduced in September, which was held a couple of years ago, these issues were discussed. At the time, there was strong consensus that the applied maths specification, which has been developed and which is to be introduced in September, would not relate to an advanced maths course but an applied mathematics curriculum which would be offered at higher and ordinary level. What we have now and what we will have in the future is not based on a model of advanced or non-advanced maths. As Mr. Ó Buachalla said at the start, something akin to the concept of a core common curriculum for all students with additional subjects containing advanced material was offered in 2015 at the junior cycle but the feedback on it was quite negative which resulted in a change of tack and the development of the T1-T2 specifications that now exist at junior cycle.

**Ms Arlene Forster:** I will come in with regard to the texts list. To build on what Mr. Ó Buachalla said, reference was made earlier to the fact that there are currently no texts lists in the draft specifications. That is absolutely correct. Perhaps I could clarify a few points with regard to the texts lists. When the NCCA undertakes consultations on draft language specifications, we do not have the texts lists developed yet. This is simply because the draft specifications are just that; they are drafts and are open to change. It can be very difficult to ascertain the degree of change that may arise on foot of a consultation. In my opening statement, I mentioned that this consultation has been on the council's agenda at each of its meetings since the consultation went live in February. At the most recent meeting of the council in June, the likelihood of holding a second phase of consultation on the specifications was discussed. It was suggested that we would take all of the feedback from the current consultation, which has now been extended until the end of November, and use it to support our work in further developing the draft specifications. It is to be hoped that this reporting on the consultation would also be helpful in making decisions on the big questions regarding implementation, supports and choice. We would then be in a position to hold a second round of consultation on the updated specifications. At that point, we could certainly look at the feasibility of making texts lists available for that second round of consultation because we hope we will be much closer to having final versions of the specifications at that time.

I will go back to one of the first points I made. The consultation is ongoing and people can share their perspectives and thinking on those texts lists as well. As part of the overall process of developing texts lists, we also have an online survey that is open to teachers, parents and so on to allow them to share their ideas and suggestions around texts to be considered for inclusion on those texts lists. That is another way in which the public at large can contribute to the work. It is important to outline that in response to the point made earlier with regard to texts lists.

**Ms Sorcha Ní Chéilleachair:** Maidir leis na liostaí téacsanna, tuigim go maith nach bhfoil-

sítear liostaí téacsanna mar chuid de phróiseas mar seo. Is é an rud a bhí á rá agam ná gur eisceacht é an próiseas seo. Tá dhá chúrsa éagsúla le cur i bhfeidhm d'aon ábhar amháin. Nuair atá eisceacht mar sin á déanamh, ba chóir go ndéanfaí eisceacht leis an bpróiseas comhairliúcháin chomh maith le deis níos fearr a thabhairt do dhaoine tuiscint níos fearr a bheith acu ar an dá chúrsa atá á moladh. Ba chóir go gcuirfí na liostaí téacsanna ar fáil freisin. Is é sin an pointe a bhí agam seachas aon rud eile. Chomh maith leis sin, bhí caint ansin mar gheall ar an tsraith shóisearach agus ar an tsraith shinsearach. Ní dóigh liom gur féidir aon chomparáid cheart a dhéanamh ó thaobh an méid atá siad ag rá, is é sin go rabhtas míshásta faoin gcúrsa breise sa tsraith shóisearach. De réir mar a thuigim, is cúrsa breise é. Níl aon scrúdú le déanamh agus níl aon mhaith leis ag deireadh na bliana. B'in an imní níos mó a bhí ann. Ní féidir an teastas sóisearach agus an ardeistiméireacht a chur i gcomparáid le chéile mar is bealach isteach go dtí an tríú leibhéal an ardeistiméireacht. Caithfear an comhthéacs sin a chur i bhfeidhm. Ní féidir an méid atá á rá mar gheall ar an gcóras sa tsraith shóisearach a chur i bhfeidhm agus a úsáid sa tsraith shinsearach mar tá na pointí ardeistiméireachta chomh tábhachtach agus tá béim mhór orthu.

**Deputy Pa Daly:** Ba chóir é a choimeád in aigne go bhfuil Gaelcholáiste nua á tógáil i dTrá Lí faoi láthair. Tá siad ag tnúth le daltaí breise a mhealladh isteach. Tá dainséar nach mbeidh na daltaí breise ann má cheapann daltaí agus tuismitheoirí go bhfuil míbhuntáiste ag baint le dul ann.

**Deputy Aindrias Moynihan:** Gabhaim buíochas leis na finnétithe as an gcur i láthair agus as an eolas, go háirithe i rith an phlé cúpla nóiméad ó shin, agus as freagraí na gceisteanna. Leagadh amach cúpla comhartha ceiste dom. Más féidir liom filleadh ar ábhar a bhí á phlé ag an Seanadóir Clifford-Lee tamaillín ó shin, tuigim go bhfuil na finnétithe ag lorg toradh thart ar leibhéal C1 i gcomhair an chúrsa T1 agus go mbeidh toradh thart ar B2 sa chóras Theastas Eorpach na Gaeilge i gceist i gcomhair daoine a bheidh ag déanamh an chúrsa T2. Mar sin, tá sé soiléir go bhfuil caighdeán níos airde i gceist do cheann de na cúrsaí. Shamhlóinn go mbeidh ualach breise oibre ag na daltaí a bheidh ag tabhairt faoi caighdeán C1 a bhaint amach. Cad ina thaobh go dtabharfaidís faoin ualach breise sin? Tá siad dírithe ar an toradh is fearr a bhaint amach ó thaobh pointí de. Má tá rogha acu, cad ina thaobh nach dtabharfaidís faoin gceann bog nó an ceann a bheadh níos éasca dóibh? Cad ina thaobh go dtabharfaidís faoin ualach breise sin? Cad atá i gceist chun daoine a mhealladh sa treo sin? Luamar pointí bónais. An bhfuil uirlisí eile ann chun daoine a mhealladh sa treo sin? Cad ina thaobh in aon chor go dtabharfadh éinne faoin ualach breise sin? An féidir soiléiriú a fháil air sin? Chabhródh sé sin go mór le daoine ar fud na tíre atá ag iarraidh aighneachtaí a sheoladh isteach. Tá daoine trína chéile mar gheall air sin. Tá breis eolais ag teastáil. Bhí roinnt plé sna scoileanna difriúla idir tuismitheoirí agus mar sin de. An bhféadfaimis aon soiléiriú a fháil maidir leis an méid plé atá déanta i measc pobal na dtuismitheoirí agus na scoileanna mar gheall ar na heasnamh atá ann? Táim féin bainteach le roinnt scoileanna agus is beag plé atá déanta mar gheall air. Conas a d'úsáidfí an t-am breise seo anois? Tá síneadh ama ar feadh roinnt míonna ann. Conas a úsáidfidh é sin? Mar bhun agus barr an scéil, cad ina thaobh go dtabharfadh aon duine faoin ualach breise agus cad atá ann chun daoine a mhealladh isteach i dtreo an ualaigh bhreise sin? An mbeadh deis ag daoine an dá chúrsa a dhéanamh, mar a luamar leis an matamaitic, dá mba rud é go raibh an rogha acu?

**Mr. Dónal Ó Buachalla:** Is féidir liom teacht isteach. Tá cúpla ceist sonraithe ag an Teachta ansin. Má fhéachaim i dtús báire ar an gcéad cheist a luaigh an Teachta maidir le hualach breise i gcomhair T1 nó T2, tógann na dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 do Ghaeilge na hardteistiméireachta, atá foilsithe don chomhairliúchán seo, ar na forbairtí suntasacha a tharla i soláthar

churaclam na Gaeilge. Mar a luaigh mo chomhghleacaí, Arlene Forster, sa ráiteas tosaigh; ag leibhéal na bunscoile tá curaclam teanga na bunscoileanna idirdhealaithe do chomhthéacsanna T2 agus T1 i bhfeidhm ó 2019 ar aghaidh. Chomh maith le sin, gan amhras, tá na sonraíochtaí idirdhealaithe T1 agus T2 i bhfeidhm do Ghaeilge na sraithe sóisearaí ó 2017 ar aghaidh.

I gcomhthéacs T1 ach go háirithe, tá tábhacht nach beag ag baint le heispéireas leanúnach foghlama a sholáthar do scoláirí ar mhaithe lena bhforbairt teanga, lena rochtain ar an gcuid eile den churaclam trí mheán na Gaeilge agus lena dul chun cinn i gcoitinne. Is iad forbairt, saibhriú agus buanú scileanna teanga na haidhmeanna don dreachtsonraíocht T1. Freastalaíonn an tsonraíocht T1 ar riachtanais fhoghlama Ghaeilge na scoláirí a thug faoi shonraíocht Ghaeilge na sraithe sóisearaí T1.

Tá difríochtaí suntasacha ó thaobh riachtanais agus cúlraí teanga na scoláirí de, ó thaobh cúlra sochtheangeolaíochta de agus ó thaobh teoriciúil an tsealbhairte teanga de, idir sonraíocht T1 agus sonraíocht T2. Ach mar atá ráite, tá dréachtsonraíocht Ghaeilge na hardteistiméireachta T1 dírithe ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimeoirí i scoileanna lán-Ghaeilge - na Gaelcho-láistí, na haonaid lán-Ghaeilge agus na scoileanna ina bhfuil sruthanna Gaeilge iontu. É sin ráite, mar atá sé leagtha amach sna dréachtsonraíochtaí, is féidir le scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla an curaclam T1 a chur ar fáil chomh maith, ag brath ar na hacmhainní áitiúla atá ar fáil acu agus ar riachtanais teanga na scoláirí atá ag freastal ar na scoileanna sin.

Is í an dara ceist a bhí ag an Teachta ná ceist maidir leis an gcomhairliúchán. Cad atá dé-anta-----

**Deputy Aindrias Moynihan:** An bhfuilimid ag glacadh leis mar sin go bhfuil ualach breise ann leis an T1?

**Ms Arlene Forster:** Níor chuala mé an pointe.

**Deputy Aindrias Moynihan:** An bhfuilimid ag glacadh leis go bhfuil ualach breise ann chun an caighdeán C1 sin a bhaint amach? An bhfuil ualach breise ag baint le tabhairt faoin chúrsa T1?

**Ms Arlene Forster:** The first point I will make picks up on that final point about the C1 and goes back to my response earlier to Senator Clifford-Lee. We drew in broad terms on the CEFR, but there is not a direct link between T1 and C1 in the CEFR. There are a couple of other points, in addition to what Mr. Ó Buachalla said, to be made in response to Deputy Moynihan's question around the overall purpose of the T1 specification. Mr. Ó Buachalla has outlined that language enrichment piece. Another important point about the T1 specification is the contribution that learning through that specification can make to the young person's overall education right across the curriculum, because they are using the Irish language to access the full curriculum. There are dividends and benefits to the student, beyond the Irish classroom.

The point I would make, in terms of the value or merit in taking the T1 specification, is the point mentioned earlier about further enabling these young people as active, engaged contributors in the Irish communities in which they live day-to-day, and as young citizens. When you put all of that in the mix, together with the point Mr. Slattery was making, it is a different way of conceptualising the differences between the T1 and T2 specifications.

The T1 specification is about enabling the young person and providing him or her with a deeper, more engaging and richer experience of the Irish language. In the case of the T2 specification, it is about building on and continuing the young person's language acquisition. The two

categories of young person are coming to these specifications from quite different places and positions in terms of their overall language learning. That is important in terms of understanding the differences in what the specifications are attempting to do for young people as language learners and how those specifications will involve the young people in the language learning experiences that take place in the classroom, whether they are in a scoil T1 or a scoil T2.

**Chairman:** An bhfuil an Teachta Moynihan críochnaithe leis an ábhar sin?

**Deputy Aindrias Moynihan:** Tá an freagra sin ag preabadh anonn is anall i mo cheann. Dá mba rud é go raibh sé ina fhreagra éasca, tharlódh sé an an-tapa. Tuigim go bhfuiltear ag díriú ar specification difriúil ach má tá dalta sa cúigiú bliain sa mheánscoil ag roghnú ábhair, agus tá ábhar amháin a thabharfaidh saibhreas breise agus rudaí iontacha agus ábhar eile nach dtógfaidh leath an ama staidéir, roghnóidh sé nó sí T2. Leanfaidh an dalta leis nó léi breá com-pordach agus gheobhaidh sé nó sí na pointí ceannann céanna. Cad a mheallfaidh daoine chuig T1? Tá ualach difriúil ann. Níl siad ar chomhchéim. Tá ualach difriúil ann. Cad a mheallfaidh daoine i dtreo T1? Cad ina thaobh go mbacfaidís lena leithéid?

**Mr. Barry Slattery:** We need to be careful not to reduce everything solely down to CAO points. That is an important point to make.

**Deputy Aindrias Moynihan:** Glacaim leis sin ach ní hé sin mo rogha nó do rogha. Is iad na tuismitheoirí agus na daltaí a bheidh ag déanamh an chinnidh sin agus tá siad dírithe ar na pointí don CAO cé acu an teastaíonn sé uainn nó nach dteastaíonn. Aontaím le Barry Slattery go bhfuil spriocanna oideachais agus caighdeáin iontach le baint amach ach, bun agus barr an scéil, beidh daltaí agus tuismitheoirí dírithe ar phointí CAO. Is féidir linn cúrsa iontach a bheith againn ach go mbeidh-----

**Mr. Barry Slattery:** I accept that. Difficulty is a rather subjective thing as well. People perceive some subjects as more difficult than others and yet, some students study those subjects. There will always be reasons for students to study different subjects, to consider one subject more difficult than another and to look at it in terms of efficiency when trying to get points. The important thing for us in responding to this is to preface our response by saying it is beyond our remit to advise on whether a bonus points initiative should be introduced here. It is beyond our remit to advise on that. We cannot offer a position on it here because our council has not discussed it. We are receiving considerable feedback on it and other systemic issues. They will all be collated and everything will be reported in the consultation report. While we may not be able to act on it, the report will shine a light on the issues and draw attention to them for those who will be able to progress the issues.

**Mr. Roibeard Ó hEartáin:** Déanfaidh mé pointe amháin maidir leis an scoláire áirithe Ghaeltachta a raibh mé ag caint leis. Chuir sé ceist maidir le pointí bónais a bheith ag baint le T1. Mar chuid den ullmhúchán a bhí ar siúl acu siúd sa scoil Ghaeltachta áirithe seo, rinne siad scrúdú TEG ag leibhéal B1. Léiríonn sé sin an bhearna idir C1 agus B1, atá dhá leibhéal faoi bhun C1. Más é sin an t-ullmhúchán atá á dhéanamh acu i scoil Ghaeltachta don ardeistiméireacht, léiríonn sé go bhfuil ualach níos mó i gceist chun teacht suas chomh fada le C1.

Is dóigh liom gur luaigh Dónal Ó Buachalla go bhfuil an T1 dírithe ar fhoghlaimoirí i scoileanna lán-Ghaeilge agus scoláirí Gaeltachta. Mar thuismitheoir Gaeltachta, feictear domsa gurb é sin croí na faidhbe. Ba cheart go mbeadh an próiseas seo dírithe ar na scoláirí Gaeltachta - iad siúd atá ag cailleadh na teanga, de réir mar a théann siad suas tríd an gcóras oideachais - mar gur ansin a bhfuil an tábhacht. Bheinn go láidir den tuairim gur cheart an próiseas a stopadh go dtí

go bhfuil an cheist sin réitithe. Ba cheart go mbeadh T1 dírithe, bunaithe agus fréamhaithe ar scoláirí Gaeltachta agus ansin, má tá spéis ag scoláirí eile lasmuigh de na Gaeltachtaí a bheith ag tabhairt faoina leithéid de chlár, go mbeadh an deis sin acu. Is é sin ceann de na deacrachtaí móra atá ann.

Maidir leis na deiseanna a bheith ann téacsleabhair a léamh sna canúintí agus mar sin de, ní leor an méid atá leagtha síos sa dréachtsonraíocht chun saíocht na teanga a fhorbairt agus a láidriú i measc scoláirí Gaeltachta. Mar a dúirt mo chomhghleacaí, ba cheart go mbeadh deis ag daoine óga a teanga féin a thabhairt chun saibhris ionas go dtiocfaidís in inmhe mar chainteoirí cumasacha muiníneacha nó, i bhfocail eile, go léireoidh siad meas agus tuiscint agus go dtabharfaí tacaíocht chuí do chainteoirí dúchais agus líofa na Gaeilge sa chóras oideachas. Is é sin atá uainn agus ba cheart an próiseas seo a stopadh go dtí go bhfuil an bhuncheist sin réitithe.

**Mr. Dónal Ó Buachalla:** Tagraím don dara ceist a bhí ag an Teachta maidir lena bhfuil déanta leis an gcomhairliúchán go dtí seo agus cad a tharlóidh amach anseo. Is dóigh go mbainfidh sé le cuid mhór den phlé atá ar siúl faoi láthair ar cheisteanna áirithe. Cén fáth tabhairt faoin mhúnla T1-T2? Cén fáth go mbeidh ualach breise dá mba rud é go mbeidh a leithéid ar fáil? Táimid ag éisteacht leis na freagraí, tuairimí agus dearthaí go léir atá ag na geallsealbhoirí éagsúla ar na ceisteanna tábhachtacha seo agus táimid ag déanamh taifid orthu.

Osclaíodh an comhairliúchán i mí Feabhra na bliana seo. Ag an am sin, bhí sé le bheith ar siúl ar feadh sé mhí. De ghnáth, i gcomhair comhairliúcháin ar ábhar sonraíochta, bíonn sé ar oscailt ar feadh sé nó ocht seachtaine. Sa chás seo, chinn comhairle an CNCM go mbeadh tréimhse níos faide de sé mhí ann. Agus muidne ag pleanáil agus ag dearadh an chomhairliúcháin seo, gan amhras bhíomar aireach ar na cúinsí dúshlánacha éagsúla atá ag múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus scoileanna eile mar gheall ar phaindéim Covid-19. Agus muid ag éisteacht le haiseolas, iarratais agus tuairimí a bhí ag na páirtithe leasmhara, chinn comhairle an CNCM le déanaí síneadh ama trí mhí sa bhreis a chur leis an gcomhairliúchán seo.

Cad atá déanta againn go dtí seo? Tá grúpaí fócais déanta againn le múinteoirí, le príomhoidí scoileanna agus le tuismitheoirí ó cheantair Ghaeltachta. Tá agallaimh duine le duine déanta againn le múinteoirí ó scoileanna éagsúla agus ó chomhthéacsanna éagsúla. Tá suirbhé ar líne ar fáil ar dhréachtsonraíocht T1 agus ar dhréachtsonraíocht T2 agus tá breis agus 500 duine tar éis tabhairt faoin suirbhé sin go dtí seo. Táimid ag fáil aighneachtaí scríofa mar a luaigh an Teachta Daly níos luaithe. Fanfaidh na modhanna éagsúla sin ar oscailt go dtí deireadh an chomhairliúcháin, mar a luaigh Arlene Forster níos luaithe.

Is dóigh gurb é an t-aon rud amháin a bhí in easnamh go dtí seo ná guth an scoláire. Mar a luaigh mé, bhíomar feasach ar na cúinsí dúshlánacha éagsúla a bhí ag na scoileanna le míonna beaga anuas. Mar gheall air sin, tabharfaidh an síneadh ama atá curtha leis an gcomhairliúchán deis bhreise dúinn dul i dteagmháil leis na scoláirí agus éisteacht lena nguthanna agus tuairimí, agus éisteacht le tuilleadh múinteoirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile. É sin ráite, maidir leis na scoláirí, tá grúpaí fócais déanta againn le mic léinn in institiúidí éagsúla tríú leibhéal atá tar éis Gaeilge na hardteistiméireachta a dhéanamh le blianta beaga anuas agus tá go leor tuairimí éagsúla roinnte acu. Táimid ag déanamh taifid ar an aiseolas go léir atá á fháil againn ó na páirtithe leasmhara seo agus cuirfear go é go léir ar fáil sa tuarascáil eatramhach a chuirfear faoi bhráid comhairle an CNCM ag deireadh an chomhairliúcháin seo.

**Deputy Éamon Ó Cuív:** Níl aon ghá le freagra. Tá mé tar éis éisteacht leis na freagraí. Déarfadh mé an fhírinne leo go gcuireann sé seo i gcuimhne dom cluiche a bhíodh againn fadó nuair a bheimis ag cur beart timpeall go dtí gur stopadh an ceol. Cuireadh an duine leis an



mbeart amach as an gcluiche. Ní léir go bhfuil aon fhreagracht iomlán ag aon duine ar an gceist agus mar sin níl an rud ag ceangal le chéile. Tá sé chomh simplí leis sin.

Ar an gcéad dul síos, ní heol dom aon ábhar eile ina bhfuilimid ag caint ar dhá shonraíocht dhifriúil le haghaidh na hardteistiméireachta ar an ardleibhéal. Is léir nach mbeidh siad mar a chéile. Is é seo eochair na ceiste.

Níl aon mhaith a bheith ag caint ar an meánteistiméireacht. Níl aon tábhacht leis an meánteistiméireacht ó thaobh pointí ná dul ag an ollscoil. Níl aon duine ag cailleadh chodladh na hoíche mar gheall ar an meánteistiméireacht ach cailleann go leor daoine codladh na hoíche mar gheall ar an ardeistiméireacht. Cén fáth? Mar go bhfuil córas pointí ann le dul ag an ollscoil. Go dtí go gcuirfimid deireadh leis an gcóras sin, caithfimid maireachtáil leis mar fhíríc an tsaoil go bhfuil sé ann.

Is tuismitheoir Gaeltachta mise de cheathrar de mo chuid. Labhraím Gaeilge sa bhaile agus labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí. Tá siad ar fad fásta agus imithe ón bhaile ach aon uair a bhíonn siad ag caint linn is Gaeilge a bhíonn eatarthu féin agus is Gaeilge a bhí acu riamh. Nuair a tháinig siad ag an ardeistiméireacht, d'oibrigh siad na pointí nuair a roghnaigh siad na hábhair. Bhí orthu é sin a dhéanamh mar gur theastaigh uathu cúrsaí a dhéanamh a raibh ardphointí ag teastáil uathu. Tá go leor scoláirí eile ar an gcaoi chéanna.

Tuigimid na treoracha ar faoi oideachas agus saíocht agus chuile shórt eile, ach níl aon mhaith é sin a rá leis an duine óg atá ag iarraidh pointí na hardteistiméireachta a bhaint amach mura bhfuil ionannas leis an obair a bhaineann leis an rud saibhir a dhéanamh agus toradh ar an luach saothair ó thaobh pointí de. Má tá go leor oibre breise ag baint leis - tá mé ag rá é seo mar ráiteas; níl mé ag iarraidh aon fhreagra air seo - aon duine a cheapann go n-éireoidh leo cúrsa T1-T2 a thabhairt isteach gan aon mharcanna ardeistiméireachta agus é de bharúil ag scoláirí na tíre go bhfuil ceann amháin níos éasca ná an ceann eile, na daoine is mó a bheidh ag iarraidh ardphointí a bhaint amach san ardeistiméireacht, déanfaidh siad an ceann a cheapann siad a dtabharfaidh na pointí is airde dóibh.

Níl aon mhaith a bheith ag dul aniar aduaidh ar an gceist seo agus is é seo croí na ceiste atá á phlé anseo. Is í an fhadhb atá agamsa faoi seo, leis an gcaoi a bhfuilimid ag plé na ceiste seo ó sheachtain go seachtain, ní fios domsa cé atá freagrach as an rud seo ar fad a thabhairt le chéile. Má tá dhá shonraíocht ann, cé a chinnteoidh go mbeidh luach saothair do cibé acu sonraíocht a bheidh níos deacra agus a mbeidh níos mó dua, anró agus oibre ag baint leis?

Má theipeann orainn é sin a dhéanamh, teipfidh air seo agus déarfadh daoine nach bhfuil aon spéis ag daoine óga na Gaeltachta sa Ghaeilge ach ní hé sin an fhadhb. Ag an bpointe áirithe dá shaol, tá i bhfad níos mó spéise ag scoláire sna pointí ná aon rud eile. Mura gcreideann na finnétithe é sin, agus níl aon difríocht idir scoláirí na Gaeltachta agus scoláirí taobh amuigh den Ghaeltacht, cén fáth go bhfuil an oiread saibhris á dhéanamh ag na grind schools a dhíríonn isteach ar rud amháin: pointí? Tá cathair na Gaillimhe, cathair Bhaile Átha Cliath agus gach uile chathair eile lán de na scoileanna speisialta ar chostas mór go daoine atá rachmasach go leor le híoc astu agus nach ndéanann dada seachas díriú isteach ar na pointí san ardeistiméireacht. Má táimid dall ar an bhfíríc sin, teipfidh ar gach rud a ndéanaimid. Ba bhreá liom go mbeadh i bhfad níos mó saibhris teanga á mhúineadh sna scoileanna. Níl mé ina aghaidh ach níl mé dall ar na fírící. Níl mé dall ar an gcaoi a n-oibríonn daoine má tá uathu ardphointí a bhaint amach.

Chuala mé an méid a dúradh faoin chainteoir dúchais sa Ghaeltacht, agus is é sin a bhí sa

teach seo againn toisc nach as an nGaeltacht dom ar chor ar bith, ach tá garchlann agam nach bhfuil sa Ghaeltacht atá á thógadh le Gaeilge. Is athbheochantóir mé. Creidim in athbheochan na Gaeilge, is é sin go leathnaímid an Ghaeilge ar fud na tíre. In imeacht ama, tá súil agam, má chuirtear an straitéis 20 bliain don Ghaeilge i bhfeidhm riamh, go dtógfar i bhfad níos mó daoine le Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht agus go mbeidh an Ghaeilge mar theanga bhaile acu. Beidh tuismitheoirí as an nGaeltacht ag cuid acu agus cuid eile, ní bheidh. Ba mhaith liom go mbeidís siúd san áireamh anseo. Ní fheicim cúis ar bith nach dtabharfaidís siúd saibhreas na teanga leo agus nach mbeadh ardchumas sa teanga acu.

Is plé fada é seo taobh istigh den Ghaeltacht. Is cuimhin liom an plé seo a bheith ar bun istigh sa Roinn nuair a bhí mé mar Aire. Is minic a bhíodh dream le Gaeilge amháin i gceist ag cruinnithe áirithe sa Roinn mar go raibh gach uile dhuine acu ag obair trí Ghaeilge. Tháinig cuid acu ó na A Gaeltachtaí. Tháinig cuid acu ó na B Gaeltachtaí. Tháinig cuid acu ó na C Gaeltachtaí agus tháinig cuid acu ó thaobh amuigh den Ghaeltacht ar fad. Déarfainn i gcónaí, má fhágaimid taobh amuigh den doras na feidhmeannaigh ar fad nárbh as an nGaeltacht iad ach a bhí ina gcainteoirí líofa Ghaeilge agus cuid acu a bhí tagtha chun na Gaeltachta chun cónaí, bheadh go leor den dream imithe. Mar sin, ba mhaith liom go gcoinneofaí san áireamh anseo gach uile dhuine a thógtar le Gaeilge iad taobh amuigh nó taobh istigh den Ghaeltacht nó a éiríonn leo an t-ardchaighdeán sin a bhaint amach. Tá daoine ann a dhéanann é.

Chomh maith le sin, tá an aicme daoine sin ann a thógtar taobh amuigh den Ghaeltacht ach de bhunadh na Gaeltachta iad agus a théann siar go dtí an Ghaeltacht nó, i gcás Ráth Chairn, a théann soir go dtí an Ghaeltacht chuile bhliain agus a thugann leo an Ghaeilge ar chaighdeán fíor-ard agus níos airde ná cuid mhaith do mhuintir na Gaeltachta ar an gcuma sin. Níor mhaith liomsa a bheith rótheoranta faoi seo. Nílím teoranta nuair atáimid ag caint ar chainteoirí Béarla. Le scéal fada a dhéanamh gearr maidir leis an T1-T2, tá mé ag déanamh ráitis agus níl mé ag iarraidh aon fhreagra air seo. Mura bhfuil luach saothair ar fáil i gcóras na bpointí, ní bheidh aon tarraingt air agus tá se chomh simplí leis sin. Tá mé á rá sin mar dhuine atá ag cónaí sa Ghaeltacht agus ag éisteacht le gnáthphobal na Gaeltachta chuile lá.

**Senator Lorraine Clifford-Lee:** Aontaím go huile is go hiomlán leis an méid atá ráite ag na Teachtaí Ó Cuív agus Moynihan. Tá dearcadh faoi leith ag roinnt daoine go bhfuil buntáiste ag muintir agus páistí na Gaeltachta ó thaobh na teanga de, mar go bhfuil an teanga acu ó dhúchas. Tá roinnt daoine sa tír seo, áfach, a bhfuil Fraincis nó Spáinnis á labhairt acu sa bhaile agus nílím ag iarraidh an buntáiste sin a bhaint ó na páistí sin. Nílím ag brú cúrsa níos dúshlánaí ar na páistí sin chun level playing field a bhaint amach ach sin an méid atá á dhéanamh againn leis na cúrsaí sin mura bhfuil pointí bónais ann. Bhí ionadh orm nuair a chuala mé ó Barry Slattery agus dúirt sé it is beyond our remit to advise on bonus points. An bhfuilimid ábalta é sin a shoiléiriú? Ar chuala mé i gceart é? Ní bheidís ag plé na bpointí bónais.

**Mr. Barry Slattery:** If we were asked to advise on measures to encourage with regard to the implementation, we would, but our remit is clear. It is set out in the Education Act 1998. It is to advise the Minister for Education on matters relating to curriculum in early years, primary and post-primary, and the assessment procedures applied in schools and examinations on subjects which are part of the curriculum. We advise on implementation issues which are directly related to the enactment of the curriculum in the classroom. They would typically be supports with regard to guidance and support materials required for teachers, the nature and scale of continuing professional development and the lead-in for implementation of the curriculum; all focused on the implementation and enactment of the curriculum in the classroom. The measures we are looking at here are measures for encouragement. If we were requested to look at the issue

specifically, it would be considered by our council and we would plan a course of action after that. However, as the executive members of the NCCA, our council has not deliberated on it and we cannot offer a position on it.

**Senator Lorraine Clifford-Lee:** Ní bheidís san áireamh sa todhchaí. Níl sé ar intinn ag an CNCM é sin a phlé sa todhchaí.

**Ms Arlene Forster:** To add to what Mr. Slattery has said, I will go back to a point that came up earlier. We are hearing much of this in the consultation, in terms of the points everyone has mentioned around encouraging uptake, wider implementation and systemic issues. We are hearing those. We are taking note of them and we will analyse and report on those in the consultation report. As Mr. Slattery said, our remit is specifically on the development of curriculum and assessment advice. While that is the key focus of our consultation, we will be reporting on the wider feedback we are receiving. That will be published early in 2022.

If the Department were to ask us to advise on something such as bonus points, we would approach that work in the same way in which we have approached the development of the draft specifications. We would be drawing on research, consulting on it and, as Mr. Slattery has already mentioned, there is little research in the Irish context on the impact of the use of bonus points. We only have it in the context of one subject. If we were asked down the line to advise on it, we would have to put that course of action in place. The council would deliberate on the matter if it were asked to advise on it, but we have not been asked.

In response to the wider point made about encouraging the uptake, the Gaeltacht policy references a number of possible measures or strategies that could be considered to encourage more young people to take up the T1 specification. The Gaeltacht policy references the possibility of some scholarships based on particular achievement levels within the leaving certificate examination. There is also reference to a number of places being kept on particular courses in higher education. There are a number of measures already mentioned that could be looked at but it is not within the remit of the NCCA to adjudicate on those measures. That decision will be taken by the Department of Education, not the NCCA, but we will be reporting on what we hear during the consultation on those wider matters.

I will go back to something I mentioned earlier because I think it is very relevant to this point. At the June council meeting, the council discussed a second phase of consultation on the updated specifications, based on the work we would do on foot of the current consultation. In that discussion, the council was very much of the view that if we were to go out to a second consultation on the updated specifications, it would be important to have clarity on the wider issues that have been raised here today and that are emerging during the consultation. That is an important point in response to the points that have been made to us about those wider systemic issues.

**Chairman:** Sula ligim don Teachta Aindrias Ó Muimhneacháin teacht isteach arís, tá ceist bheag agam. Ansin tiocfaidh mé ar ais ag Sorcha Ní Chéilleachair. Cé a thug an chomhairle maidir le pointí bónais don mhata don Aire nuair a dhein sí an cinneadh sin? Tá sé sin tábhachtach ó thaobh an comhthéacs faoina bhfuilimid ag caint.

**Ms Arlene Forster:** None of the three of us were involved in that work in the NCCA at the time but it is my understanding that that decision was taken by the Department itself and the NCCA was not actually asked for specific advice on those bonus points. That is my understanding but I have to add the caveat that we were not directly involved in that work.

**Ms Sorcha Ní Chéilleachair:** Aontaím go hiomlán, 100%, leis an méid a dúirt an Teachta Ó Cuív. Dhein mé soiléiriú faoi seo ach ní dóigh liom go raibh an Teachta anseo nuair a bhí mé ag caint. Is eagraíocht Ghaeltachta sinne. Ar eagla go raibh an Teachta ag caitheamh chugainn mar gheall ar na cainteoirí dúchais, tá eagraíochtaí eile a dhéanann abhcóideacht do chainteoirí dúchais lasmuigh den Ghaeltacht. Bíonn muidne i mbun abhcóideachta do na cainteoirí dúchais laistigh den Ghaeltacht. Go mbeidh mé sa chill, ní stopfaimid an abhcóideacht sin agus ní dhéanfaidh mé aon leithscéal faoi. Sin an jab atá againn agus déanfaimid gach aon iarracht é a dhéanamh agus é a chur i gcrích. Aontaím go hiomlán leis an Teachta ach ní sin an jab agus ní sin an chúis go bhfuil muidne anseo inniu, ar eagla go raibh aon míshoiléireacht ann. Aontaím go mór leis an Teachta. Mar atá luaite i ngach aon rud a dúirt mé inniu, caithfear aon siollabas, aon churaclam nó aon chúrsa atá ann a chur i bhfeidhm laistigh den chóras atá i bhfeidhm faoi láthair, sin é, córas na bpointí. Ní féidir é seo a líonadh i bhfolús, go bunúsach.

**Deputy Aindrias Moynihan:** Ó lorg mé theacht ar ais freagraíodh leath mo cheist mar gheall ar na huirlisí nó na slite éagsúla chun daoine a mhealladh chuig an gcúrsa. Ní hé gur pointí an t-aon rogha. Luadh áiteanna a choimeád sna cúrsaí faoi leith, sparánachtaí agus mar sin de. Cad é an réimse ar fad de na huirlisí a bheadh ar fáil? An bhfuil rogha de chúig, sé, seacht nó ocht rud ann? Má tá, cad iad? Cad iad na huirlisí a úsáidtear de ghnáth chun daoine a mhealladh i dtreo cúrsa faoi leith? An bhfuil liosta ann dá leithéid? Má tá daoine in aghaidh na bpointí bónais cad iad na roghanna eile atá ann?

**Mr. Barry Slattery:** We do not have a list but we have heard in discussions that bonus points have been mentioned, as have scholarships and reserving places on courses that require a high level of Irish for students who have completed the T1 specification. Those are three things off the top of my head that I have heard mentioned during discussions. We have not drafted a list, as I have said, but we have looked at identifying what encouragement measures should be put in place.

**Chairman:** Tá cúpla ceist agam féin. Bhí suirbhé mór ann faoi na seirbhísí atá ar fáil agus tá sé sin curtha chuig na Teachtaí ar fad. An bhféadfadh na finnétithe cúpla rud a rá faoin méid a fuair siad amach ón suirbhé sin maidir le cúrsaí oideachais? Sin atáimid ag plé agus beidh tuairisc á fhoilsiú ag an gcoiste, tá súil againn roimh Mheán Fómhair, faoin méid atá ardaithe againn maidir le ceisteanna Gaeltachta, T1 agus T2, agus cáilíochtaí múinteoirí. Tá a lán ceisteanna eile gur chóir go mbeadh muid ag díriú isteach orthu. Ba chóir go mbeadh an coiste oideachais ag déileáil leo chomh maith ach tá muidne á dhéanamh sin faoi láthair agus ag díriú isteach ar dhá ábhar.

Tá cúpla ceist eile agam do na finnétithe ó thaobh an T1 agus T2. Tá amchlár leagtha amach acu. I mí na Samhna beidh an comhairliúchán agus athbhreithniú ar an teastas sóisearach ann. Tá sé an-ait go bhfuil muid fiú ag caint faoi athbhreithniú nuair nár tharla sé fós. Seo an chéad bhliain i mbliana mar go raibh Covid ann. Ní féidir athbhreithniú a dhéanamh ar rud nach bhfuil ar siúl i gceart agus nach mbeidh go dtí an bhliain seo chugainn nó an bhliain ina dhiaidh. De ghnáth caithfidh roinnt blianta a bheith ann roimh athbhreithniú. Mar a deirtear i mBéarla, tá sé a bit previous go bhfuil muid ag bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Tá athruithe ann ach de ghnáth foghlaimítear faoi rud ina dhiaidh. Má tharlaíonn gach rud i gceart, agus má ghlacann an tAire leis an gcinneadh seo an bhliain seo chugainn, cén uair a bheadh sé i gceist go mbeadh T1 agus T2 ag teacht i bhfeidhm, i dtuairim na bhfinnétithe? Tá a fhios agam nach féidir a rá go cinnte.

Luaigh an CNCM ina ráiteas:

Léirigh an comhairliúchán sin go raibh gá le sonraíochtaí ar leith do scoláirí i scoileanna T1 agus i scoileanna T2. Bhí inní mhór ar pháirtithe leasmhara ag an am faoin bhfreastal a d'fhéadfadh sonraíocht curaclaim amháin a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimoírí uile agus léiríodh inní faoi leith faoi sholáthar eispéireas foghlama a bheadh sách dúshlánach dóibh siúd i scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge.

I mBéarla, déanann an ráiteas tagairt do "...the capacity of one subject specification to meet the needs of all learners..." Sin an single subject. Tá fós single subject i gceist ó thaobh T1 agus T2. Is dhá criteria atá i gceist. Bhí tuairim eile ann roimhe seo go mbeadh dhá ábhar i gceist: ábhar amháin a bhainfeadh le foghraíocht, labhairt agus gramadach na Gaeilge; agus ceann eile le saibhreas na Gaeilge, litríocht agus mar sin. Is oth liom nach ndeachaigh muid sa treo sin. Tá a fhios agam go bhfuil an comhairliúchán oscailte agus déarfadh mé mo mhéid maidir leis sin. Má tá daoine ag féachaint isteach ba chóir dóibh an deis a thapú déileáil leis an gcomhairliúchán agus na tuairimí atá acu maidir leis seo a chur chun tosaigh.

Tá a lán ceisteanna eile ann agus roinnt acu freagartha ag eagrais roimhe seo. Bheadh scoileanna T1 agus T2 ag déanamh deighilt. An dainséar, atá luaite ag daoine eile, nuair a dhéantar deighilt ná go mbeidh duine éigin nó daoine éigin thíos leis. I ndáiríre, cé mhéad scoil Bhéarla a chuirfeadh cúrsa T1 ar fáil do scoláirí atá tógtha le Gaeilge, sa chathair mar shampla, nó atá ag freastal ar an scoil tar éis dóibh bogadh as an nGaeltacht? Ní tharlóidh sé. Iarr ar aon scoil nó aon phríomhoide. Níl an t-am nó na hacmhainní acu le na cúrsaí ar fad gur mhaith leo a chur ar fáil faoi láthair a chur ar fáil agus tá muid ag rá leo sé chúrsa Gaeilge ar chur ar fáil. Tá bunleibhéal, gnáthleibhéal agus ardleibhéal ann ag T1 agus T2. Sin sé rang difriúil. Caithfidh a bheith dáiríre nuair a bhíonn muid ag caint faoin scoil seo agus an scoil siúd. I ndáiríre beidh deighilt ann agus ní fheicim go mbeidh sé sin go maith don chóras oideachais ina iomláine. Tá deighilt ann cheana féin idir na fee-paying schools agus na scoileanna Stáit. Ní chóir go mbeadh aon deighilt ann agus ba chóir go mbeadh muid ag déanamh iarrachta na hábhair ar fad a bheith ar fáil i ngach uile scoil más féidir.

Ó thaobh applied maths, is duine í m'iníon den 3% atá ag staidéar applied maths agus tá sí ag staidéar mata onórach chomh maith. Arís, táimid ar ais ag an gceist faoi dhá ábhar ó thaobh na Gaeilge de. Is ábhair iomlán difriúil iad. Tá sí níos fearr ag applied maths ná ag mata. Tá sí ag déanamh fisic chomh maith agus níl sí go maith ag fisic. Ní thuigim. Ní raibh aon mhaith liomsa in aon cheann den trí ábhar so ní thagann sé uaimse. Más féidir roinnt freagraí a thabhairt, caithfidh muid a bheith críochnaithe anseo roimh 2.30 p.m.

**Mr. Roibeard Ó hEartáin:** Rinne an Cathaoirleach tagairt don scoilt idir scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht. Is maith a thuigim scoilteanna ós rud é gur tharla a leithéid thíos againne in iarthar Chiarraí blianta ó shin, in 2007 nó mar sin, maidir le cúrsaí oideachais. Bhí scoilt ann idir oideachas lán-Ghaeilge agus oideachas dátheangach. Déanann a leithéid de rud dochar don phobal, do dhaoine, don oideachas agus don óige. Níl aon bhuntáiste d'aon duine in aon áit go mbíonn scoilt. Bíonn sé an-dian agus an-chrua ar phobal, ar dhaoine, ar mhúinteoirí agus ar gach aon duine.

Ba mhaith liom soiléiriú an-tapa a dhéanamh ar an rud a bhí i gceist agam le saíocht na teanga agus scoláirí Gaeltachta. B'fhéidir go mbainfidh mé amach an focal "scoláire" ar feadh soicind. Ba cheart go mbeadh an T1 bunaithe ar shaíocht na Gaeltachta agus an saibhreas teanga agus cultúrtha atá fós beo agus ina bheatha sna Gaeltachtaí. Ba cheart go mbeadh T1 bunaithe air sin, ar mhaithe le muintir na Gaeltachta agus na scoláirí Gaeltachta ach ar mhaithe le cainteoirí dúchais agus líofa sa chóras oideachais chomh maith. Nílím ag caint ar an rud a theorannú don Ghaeltacht. Táimid ag iarraidh go mbunófaí é ar an saibhreas sin atá fós beo

sna Gaeltachtaí agus é sin a leathnú amach go dtí na scoileanna Gaeltachta, na scoileanna lán-Ghaeilge agus aon dream eile a bheadh ar fáil. Gan dabht, muna bhfuil buntáiste breise ag dul don ualach breise, ní thógfaidh aon duine ar bord é.

**Chairman:** Tá sé i gceist agat nach mbeadh an cúrsa T1 níos dúshlánaí ná T2 mura bhfuil buntáiste breise ag gabháil leis.

**Mr. Roibeard Ó hEartáin:** Tá. Ba cheart go mbeadh buntáiste breise ag dul leis an T1 nó ní thabharfar aon aird air.

**Chairman:** Sin má tá sé níos dúshlánaí.

**Mr. Roibeard Ó hEartáin:** Muna mbeidh sé níos dúshlánaí, cad is fiú é a thabhairt isteach?

**Chairman:** D'fhéadfaí cúrsa a thabhairt isteach atá dírithe ar shaíocht na Gaeltachta níos fearr ná mar atá an cúrsa faoi láthair nach mbeadh níos dúshlánaí.

**Ms Sorcha Ní Chéilleachair:** Tá an Cathaoirleach ag caint ar an múnla dhá chúrsa. Sin ceann de na rudaí atáimid ag plé chomh maith. Níl aon deis ann slite eile a mholadh leis an aidhm a bhaint amach. Níl aon deis ann don dá chúrsa seo agus saíocht na teanga. Bhí sé sin go mór i gceist nuair a thosaigh an chaint seo ar fad mar gheall ar freastal ar chainteoirí dúchais. Bheadh an cúrsa sin dírithe go hiomlán ar an tsuíocht, an saibhreas, an dúchas, an fhilíocht, agallaimh bheirte agus na rudaí sin ar fad, agus rudaí nua-aimseartha chomh maith. Ní bheidh na páistí agus na daoine óga ag caint faoin sean-nós go deo; beidh siad ag caint faoi rap agus rudaí nua. Tá sé sin chomh tábhachtach céanna ach tá an dúchas tábhachtach chomh maith. Níl aon deis ann. Tá an plé seo an-chúng ar fad agus tá sé an-dhiúltach faoi láthair. Táimid tagtha anuas go dtí plé faoi phointí bónais agus níl aon phlé á dhéanamh ar chroílár an rud seo ar fad, sé sin, cad atáimid ag iarraidh baint amach. Nílimid ag iarraidh pointí breise a bhaint amach ar chúrsa níos dúshlánaí. Táimid ag iarraidh freastal ceart a dhéanamh ar chainteoirí agus ar dhaoine óga, le cainteoirí muiníneacha agus cumasacha a fhorbairt. Mura mbeidh siad sin ar fáil, ní mhairfidh an Ghaeltacht.

**Mr. Dónal Ó Buachalla:** Bhí ceist ansin maidir leis an athbhreithniú ar Ghaeilge na sraithe sóisearaí agus cén fáth go bhfuilimid ag tabhairt faoi sin faoi láthair. Ceann de na ceisteanna móra atá ag teacht chun cinn ó na páirtithe leasmhara tríd an gcomhairliúchán ná cén fáth go bhfuilimid ag tabhairt faoi fhorbairt sonraíochtaí T1 agus T2 do Ghaeilge na hardteistiméireachta gan athbhreithniú a dhéanamh ar Ghaeilge na sraithe sóisearaí. Mar gheall air sin, chinn comhairle CNCM athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm Gaeilge na sraithe sóisearaí a dhéanamh, sé sin, early insight review. Tá an ceart ag an gCathaoirleach nach raibh deis ann scrúdaithe deireadh a dhéanamh ar Ghaeilge na sraithe sóisearaí in 2020 agus arís i mbliana mar gheall ar Covid-19. Tá sé sin fíor ní hamháin don Ghaeilge ach do na hábhair uilig, ach amháin do na foghlaimeoirí fásta agus scoláirí a d'fhág an scoil go luath. É sin ráite, tá na scoláirí fós ag tabhairt faoi na measúnuithe rangbhunaithe agus tabharfaidh an early insight review seo deis dúinne éisteacht le taithí na scoláirí agus múinteoirí ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí T1 agus T2 ag Gaeilge na sraithe sóisearaí go dtí seo, ach amháin an scrúdú deireadh sin. Beidh muid in ann éisteacht leis an taithí atá acu ar chur i bhfeidhm na dtorthaí foghlama, na gnéithe eile den mheasúnú laistigh den seomra ranga agus mar sin. Tabharfaidh sé sin treoir dúinn ar an bhforbairt a thuilleadh atá le déanamh ar shonraíochtaí T1 agus T2 do Ghaeilge na hardteistiméireachta.

**Ms Arlene Forster:** To add to what Mr. Ó Buachalla said, and to pick up on the Cathao-

7 JULY 2021

irleach's point about the T1 specification being used outside Gaeltacht areas and Gaelcholáistí, it is our understanding that the T1 specification could be offered by any school, within that school's resources and with due regard to the language abilities and proficiency of the students in question. It is very difficult to ascertain to what extent that might become the case. One of the reasons the extension of the consultation to the end of November was so important, from the council's perspective, was to give greater opportunity to schools. Mr. Ó Buachalla mentioned students as a particular group that we are keen to hear more from, as well as teachers, school leaders and parents. With the extension to the consultation to the end of November, we will hear much more from schools that teach through the medium of Irish and schools that teach through the medium of English.

I will make a final point, which the three of us have mentioned a number of times. The consultation is still open and I encourage everyone with an interest in this area to use the consultation to feed back to us on the draft specifications. There is now an additional opportunity to do that with the extension to the end of November.

**Chairman:** Mór an trua ach tá an t-am istigh. Bhí mé ag iarraidh teacht ar ais ag an suirbhé. Tá éacht déanta ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Sarah McGuinness, a dhéanann an taighde. Má tá aon duine ag iarraidh fáil amach go díreach cad iad tuairimí na dtuismitheoirí atá ag tógáil teaghlaigh sa Ghaeltacht agus na torthaí ar sin, b'fhiú dóibh breathnú ar an suirbhé. Glacaim leis go bhfuil sé ar an suíomh Idirlín.

**Ms Sorcha Ní Chéilleachair:** Tá, ar *tuismitheoiri.ie*.

**Chairman:** Tá sé mór, téagartha agus tá a lán eolais ann. B'fhéidir amach anseo go mbeidh muid in ann sibh a tharraingt ar ais suas chun treabhadh trí na figiúirí sin.

**Ms Sorcha Ní Chéilleachair:** Tiocfaimid ar ais.

**Chairman:** Gabhaim mo bhuíochas leis na finnétithe ar fad as a bheith anseo.

Cuireadh an comhchoiste ar athló ar 2.31 p.m. go dtí 12.30 p.m., Dé Céadaoin, 14 Iúil 2021.